

7 Seirbhísí lónadóireachta agus coimhdeacha i bpríosúin

- 7.1** Is oibríocht shuntasach í lónadóireacht i bpríosúin lena mbaineann soláthar, stóráil agus rialú earraí bia (lena n-áirítear deochanna), agus ullmhú agus dáileadh dóthain béilí agus deochanna oiriúnacha go laethúil do dhaonra príosúnach ina bhfuil díreach faoi bhun 4,000 duine ar an meán ag 12 áit ar fud an Stáit.¹ Is iad foireann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a bhainistíonn na hoibríochtaí lónadóireachta seo, agus gearrtar na costais bhainteacha ar vóta na Seirbhíse Príosúin (Vóta 21). In 2019, thabhaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann caiteachas de €8.2 milliún ar bhia dá daonra príosúnach.
- 7.2** Feidhmíonn roinnt seirbhísí gaolmhara nó coimhdeacha laistigh de phríosúin ach níl siad maoinithe ag an tSeirbhís Phríosúin. Ina measc seo tá coistí bialainne a oibríonn seirbhísí lónadóireachta foirne, chomh maith le siopaí príosúin (dá ngairtear 'siopaí sóláistí' de ghnáth) a n-aistrítear a mbrabúis chuig cuntas ar leithligh chun leasa na bpríosúnach. Ina theannta sin, oibríonn príosúin cuntais d'airgead pearsanta na bpríosúnach. Cuirtear forbhreathnú ar na seirbhísí seo i láthair i bhFíor 7.1.

Fócas an scrúdaithe seo

- 7.3** Is minic a cheannaíonn príosúin a chuireann béilí príosúnach ar fáil agus coistí bialainne na cineálacha céanna ionchur bia ó na soláthraithe céanna. Is iad oifigigh phríosúin a bhainistíonn siopaí príosúin agus táthar ag súil go n-oibreoidh siad ar bhonn 'chun brabúis'. Rialaíonn bainistíocht na bpríosúin faoi seach cistí leasa príosúnach arna nginiúint agna brabúis ó shiopaí príosúin. Cruthaíonn an forluí agus na caidrimh idir na seirbhísí dúshlán shuntasacha maidir le rialú do bhainistíocht na Seirbhíse Príosúin. Rinneadh an scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na rialuithe sin. Rinneadh iarracht athbhreithniú a dhéanamh go sonrach leis an scrúdú ar
- leordhóthanacht na socruithe chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar chaiteachas lónadóireachta agus go háirithe rialuithe ar focaíochtaí as ceannacháin bhia agus stoic bia
 - éifeachtacht na gcomhaontuithe idir an tSeirbhís Phríosúin agus coistí bialainne foirne agus na córais atá i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcomhaontuithe sin
 - cibé an oibríonn siopaí príosúin ar bhonn 'chun brabúis' agus ar éifeachtacht na socruithe maoirseachta lena chinntiú go bhfuil rialú iomchuí ann ar stoc agus díolacháin
 - na socruithe atá i bhfeidhm chun airgead a thaisceadh chuig ciste leasa na bpríosúnach agus ar na socruithe maoirseachta atá n-úsáid chun a chinntiú go n-úsáidtear na cistí go cuí chun leasa dhaonra na bpríosúin.

1 Tá deich n-áit choinneála dúnta agus dhá áit choinneála oscailte ann.

2 Bhí sé i gceist againn an t-íniúchadh a dhéanamh ar an láithreán i bPríosún Luimnigh ach níorbh fhéidir é sin a dhéanamh mar gheall ar na srianta COVID 19 a cuireadh i bhfeidhm i Márta 2020.

- 7.4** Chuimsigh an scrúdú cuairteanna ar láithreáin chuig naoi bpríosúin chun oibriú áitiúil seirbhísí lónadóireachta agus seirbhísí gaolmhara a bhunú, agus iniúchadh deisce² ar oibriú an tsiopa sóláistí agus cuntais leasa na bpríosúnach i bpríosún Luimnigh. Ina theannta sin, chuir an fhoireann agallaimh ar bhaill shinsearachta foirne sna Stiúrthóireachtaí Cúraim agus Athshlánúcháin agus Airgeadais i gceanncheathrú na Seirbhíse Príosúin (sa Longfort), chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar phróiseáil na sonrasc lónadóireachta le hóc.

Fíor 7.1 Seirbhísí coimhdeacha a oibriú sa tSeirbhís Phríosúin

Seirbhísí lónadóireachta foirne

De ghnáth ní sholáthraíonn an tSeirbhís Phríosúin béilí ná sólaistí eile d'fhoireann an phríosúin atá ar dualgas. Ina áit sin, tá socrú i bhfeidhm le comhlachtaí ionadaíocha foirne faoina gcuireann an tSeirbhís Phríosúin saoráidí ar fáil laistigh d'ocht gcinn de na campais phríosúin chun ligean do choistí bialainne deonacha seirbhísí lónadóireachta foirne a oibriú. Ceannaíonn na coistí bialainne an bia riachtanach agus déanann siad socrú chun an bia a ullmhú agus a sholáthar i gcistineacha oiliúna oibre na bpríosúnach. Maoinítear ceannach na soláthairtí ag na coistí agus costais eile trí cheannacháin bhéilí a dhéanann an fhoireann. Bíonn na coistí freagrach as a rialachas féin agus as a mbainistíocht airgeadais, agus ní fhoilsítear ráitis airgeadais.

Siopaí príosúin

Tá socrúithe i bhfeidhm i ngach príosún maidir le hoibriú siopaí a dhíolann raon milseogra, deochanna boga, táirgí tobac, earraí maisíochta, irisí agus earraí eile le príosúnaigh. Oibrítear siopaí na bpríosún ar bhonn 'chun brabúis'. Déantar ceannacháin ar bhonn gan airgead tirim, agus déantar fócaíocht as earraí a chaitear a bhaint as cuntais airgid phearsanta na bpríosúnach. Oibríonn oifigigh phríosúin na siopaí ar feadh roinnt uaireanta an chloig gach lá. Coinnítear cuntais trádála do shiopaí na bpríosún ar leithligh ón gcuntas vótála, ach nochtar iomlán iarmhéideanna an chuntais bhainc ag deireadh na bliana do gach siopa príosúin i nótaí leis an gcuntas leithreasa.

Ciste chlár cúnaimh na bpríosúnach

Aistrítear brabúis trádála a ghintear i siopaí príosúin chuig cuntas chiste chlár chúnamh na bpríosúnach (*PAPF*) arna rialú ag na gobharnóirí príosúin faoi seach. Tá na cistí a aistrítear chuig an *PAPF* beartaithe le húsáid chun leasa na bpríosúnach amháin, i dteannta a chéile nó i gcásanna cruatain aonair. Ní dhéileáiltear leis na cuntais leasa seo mar chuid den vóta, ach nochtar iomlán iarmhéideanna cuntas bainc an *PAPF* ag deireadh na bliana i nótaí leis an gcuntas leithreasa.

Airgead pearsanta na bpríosúnach

Oibríonn an tSeirbhís Phríosúin seirbhís airgid phearsanta do phríosúnaigh agus iad i bpríosún. Cuimsíonn sé seo méideanna laethúla is iníoctha le gach príosúnach, mar aon le haon airgead pearsanta a thugann siad leo ar cimiú dóibh, nó a thugann daoine eile ó am go ham (m.sh. baill teaghlaigh) thar a gceann.

Tá an méid laethúil is iníoctha le gach príosúnach faoi bheartas réimis dreasachta i bhfeidhm idir €0.95 don bhunleibhéal agus €1.70 don leibhéal caighdeánach agus €2.20 don leibhéal feabhsaithe. Aistrítear méideanna chuig cuntais phríosúnaigh ar bhonn seachtainiúil agus tá na híocaíochtaí seo mar chuid de chaiteachas na vótála.

Féadfar an t-airgead seo a úsáid faoi threoir an phríosúnaigh chun íoc as earraí a ceannaíodh ó shiopa an phríosúin. Íoctar aon iarmhéid nár caitheadh sa chuntas leis an bpríosúnach ar scaoileadh dóibh nó mura n-iarrann an príosúnach é nuair a scaoiltear é, aistrítear é chuig an gcuntas *PAPF*. Ní láimhseáiltear na cuntais airgid phearsanta mar chuid den vóta freisin, ach nochtar iarmhéideanna bainc ag deireadh na bliana do na cuntais i nótaí leis an gcuntas leithreasa.

Rialú ar sheirbhísí lónadóireachta

7.5 Ceapann Stiúrthóireacht Chúraim agus Athshlánúcháin na Seirbhíse Príosún pleananna roghchláir 28 lá le húsáid i ngach príosún. Is iad seo a leanas príomhghnéithe chóras an bhiachláir

- Deartar an biachlár chun thart ar 2,500 calra a sheachadadh d'fhir agus 2,000 calra do mhná ar bhonn laethúil, de réir moltaí ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- Gabhann oidis le liostaí na gcomhábhar agus na gcainníochtaí le haghaidh iontógaíl 2,500 calra in aghaidh an phríosúnaigh leis an mbiachlár. Cuimsíonn an biachlár liosta de na miasa forlíontacha is féidir a mhalartú chun freastal ar riachtanais shonracha aiste bia nó mura mbíonn tóir ar mhiasa.
- Tugtar bricfeasta gránach-bhunaithe do gach duine, príomhbhéile lár an lae lena n-áirítear milseog agus béile níos éadroime um thráthnóna. Ina theannta sin, tugtar leithdháileadh laethúil bainne agus aráin (leathbhuilín slisnithe) do gach príosúnach mar aon le codanna aonair ime, subha agus marmaláide. Cuirtear soláthairtí tae, bainne agus siúcra ar fáil le linn amanna béile ag stáisiúin freastail bia.

7.6 Le roinnt eisceachtaí, is gnách go n-itheann príosúnaigh béilí ina gcealla.

7.7 Ní shanntar buiséid lónadóireachta aonair do gach príosún mar níl aon bhuiséid chineachta ag leibhéal an phríosúin. Is iad seo a leanas na socruithe maidir le soláthar agus íocaíocht

- Tugann an Oifig um Sholáthar Rialtais, thar ceann na Seirbhíse Príosún, faoin bpróiseas tairisceana le haghaidh soláthairtí lónadóireachta do phríosúin na hÉireann. Cruthaítear clár soláthraithe ceadaithe dá bharr. Ordaíonn gach príosún ó na soláthraithe ceadaithe go díreach.¹
- Nuair is iomchuí, ceannaítear bia mar chodanna aonair, mar shampla codanna de sicín nó iasc aonfhreastail. Déantar earraí bia eile, mar shampla mionfheoil agus mairteoil stobhach díslithe, a ordú de réir meáchain, ag féachaint do shonraíochtaí oidis agus líon na bpríosúnach. Tugtar cuntas ar sholáthairtí bia agus cistine mar earraí inchaite.
- Seiceáiltear earraí bia a sheachadtar chuig gach príosún de réir na nduillíní seachadta a ghabhann leo agus sínítear iad. Ba chóir don phríosún aon easnaimh i seachadtaí a thabhairt faoi deara agus nóta creidmheasa a lorg.
- Seolann na soláthraithe sonraisc achoimre le cóipeanna de na duillíní seachadta sínithe mar thacaíocht chuig ceanncheathrú na Seirbhíse Príosúin áit a ndéantar iad a phróiseáil agus a íoc.


7.8 Tá sé ráite ag an Oifigeach Cuntasaíochta go mbíonn an buiséad bliantúil lónadóireachta príosúin bunaithe de ghnáth ar chaiteachas na bliana roimhe sin agus, nuair is féidir, go gcuireann sé san áireamh méaduithe féideartha ar phraghsanna agus athruithe dóchála ar líon na bpríosúnach. Déantar anailís chomparáideach ar chaiteachas iarbhir i gcoinne an chaiteachais bhuiséadaithe ar bhonn míosúil agus tá athbhreithniú ar athruithe i ndaonra na bpríosúnach mar chuid den chleachtadh sin.

¹ Baineann Óglaigh na hÉireann agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leas as an bpróiseas tairisceana céanna.

Costas bia in aghaidh an phríosúnaigh

- 7.9** In 2019, thabhaigh an tSeirbhís Phríosúin caiteachas de €8.2 milliún i ndáil le ceannacháin bhia do phríosúnaigh. B'ionann sin agus méadú de bheagán faoi 11% ar an gcaiteachas de €7.4 milliún in 2018. Féadfar é seo a mhíniú go páirteach trí mhéaduithe ar phraghsanna bianna áirithe a cheannaíonn an tSeirbhís Phríosúin go coitianta agus méadú 2% ar mheánlíon laethúil na bpríosúnach ó 3,893 in 2018 go 3,971 in 2019.
- 7.10** Is ionann an caiteachas ar bhia do phríosúnaigh in 2019 agus €5.66 in aghaidh an lae ar an meán (díreach faoi bhun €40 sa tseachtain) in aghaidh an phríosúnaigh (2018: €5.23 in aghaidh an lae). Tugann anailís ar íocaíochtaí le haghaidh bia le fios go raibh an costas a bhaineann le béilí príosúnach a sholáthar in 2019 idir €7.27 in aghaidh an lae i bPríosún Phort Laoise go €4.54 in aghaidh an lae i bPríosún Pháirc na Cruithneachta — athraitheas 60% (féach ar Fhíor 7.2). Ba é an caiteachas laethúil a taifeadadh in Ionad Dóchas — príosún do mhná - ná €4.73 in aghaidh an phríosúnaigh.

Fíor 7.2 Costas laethúil an bhia in aghaidh an phríosúnaigh, de réir príosúin, 2019



Foinse: Seirbhís Phríosúin na hÉireann

- 7.11** Tá sé ráite ag an Oifigeach Cuntasaíochta go bhfuil meánchostas laethúil béilí na bpríosúnach in 2019 (€5.66) ar an leibhéal céanna leis an gcostas in 2009. Maidir leis an éagsúlacht sa chaiteachas idir príosúin, thug sí faoi deara gurb é beartas na heagraíochta gur féidir roinnt athruithe a dhéanamh ar an roghchlár 28 lá ar leibhéal áitiúil ar chúiseanna slándála/míochaine/sláinte srl. agus go mb'fhéidir go n-áireofaí leis seo méideanna coda de bhreis ar an sciar molta. Tugadh faoi deara roinnt fachtóirí a mbeadh tionchar acu ar an gcostas laethúil i bpríosúin aonair mar seo a leanas
- Is féidir le déimeagrafaic na bpríosún mar phróifíl aoise, méid an andúile, na bochtaineachta agus leibhéal na heaspa díine tionchar a imirt ar na cainníochtaí a ídítear. De ghnáth, itheann fireannaigh sa chohórt aoise 18 – 25 níos mó ná fireannaigh níos sine nó príosúnaigh mná. Caithfidh lónadóireacht i bpríosúin freastal ar ailléirgí bia agus riachtanais éagsúla chultúrtha agus reiligiúnacha maidir leis an aiste bia.
 - I bPort Laoise, tá roghanna breise biachláir ar fáil dóibh, trí shocrú fadbhunaithe lena n-áirítear ar chúiseanna stairiúla agus polaitiúla.

- Tá daonra níos neamhbhuaine ag Cnoc na Seamra, mar phríosún athchuir, le leibhéil leochaileachta níos airde a théann i bhfeidhm ar na cainníochtaí a ídítear sa phríosún sin.
- Freastalaítear ar imeachtaí oifigiúla ar uairibh i bpríosúin.¹

Oiliúint i lónadóireacht

- 7.12** Ullmhaíonn foireann an phríosúin agus príosúnaigh atá oilte in ullmhú bia béilí sa phríosún (féach ar Fhíor 7.3). Chuir an tSeirbhís Phríosúin in iúl don fhoireann scrúdaithe gur fhreastail 221 príosúnach ar an meán in aghaidh an lae ar obair agus oiliúint i mí Dheireadh Fómhair 2018 sna príomhphríosúin agus sna cistineacha bialainne foirne.

Fíor 7.3 Oiliúint príosúnach in ullmhú agus i gcothú bia

Oiliúint in ullmhú bia

Cuirtear oiliúint ar phríosúnaigh in ullmhú bia ar bhonn leanúnach mar chuid de ghníomhaíocht chomhtháite na gcistineacha príosúin. Faigheann na daoine aonair lena mbaineann oiliúint ar ullmhú béilí, de réir chaighdeáin *City and Guilds*. (Le linn 2018, cláraíodh 34 príosúnach le haghaidh creidiúnú *City and Guilds*.)

Oiliúint i gcothú

Ina theannta sin, cuirtear cláir eacnamaíochta baile, chócaireachta nó chothaithe ar fáil i bhformhór na n-ionad oideachais príosúin, agus cuirtear roinnt ranganna ar fáil gach seachtain. Tá na cúrsaí seo deartha chun bunscileanna cócaireachta agus eolas cothaithe a thabhairt do phríosúnaigh, d'fhonn a n-athshlánú agus a scaoileadh saor.

Níl uimhreacha tinrimh mionsonraithe in ionaid oideachais príosúin ar fáil ach ar an gCóras Bainistíochta Oideachais Príosúin (*PEMS*) nua ó Mheán Fómhair 2019 - ní thaispeánann sonraí atá ar fáil do Dheireadh Fómhair 2018 ach líon na mac léinn a d'fhreastail ar ranganna sna hionaid oideachais do gach seachtain ach ní de réir catagóire oideachais. Le linn Dheireadh Fómhair 2019, ghlac 555 príosúnach páirt i gcláir eacnamaíochta baile, chócaireachta nó chothaithe.

Ní leagtar síos spriocanna oiliúna creidiúnaithe do phríosúnaigh a théann i mbun oiliúna lónadóireachta in eacnamaíocht bhaile nó i cistineacha príosúin.

Foinse: Seirbhís Phríosúin na hÉireann

¹ Mar shampla, le dhá bhliain anuas d'fhreastail Príosún Mhuinseo ar imeachtaí i ndáil le Gaisce - Gradam an Uachtaráin agus Gradam Idirnáisiúnta Dhiúc Dhún Éideann; chomh maith le seimineár ar ardoideachas i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Cambridge agus craoladh a seachadadh i gcomhar le Solas.

- 7.13** Rinneadh athbhreithniú ar cheannach earraí bia a ghearrtar ar bhuiséid oideachais agus oiliúna na bpríosúnach mar chuid den scrúdú seo.

- 7.14** I bhformhór na bpríosúin, bhí na cineálacha táirgí bia a ceannaíodh do na cúrsaí eacnamaíochta baile cosúil leo siúd a úsáideadh in ullmhú béilí príosúin. Cé go bhféadfadh cásanna a bheith ann inar féidir earraí breise bia a cheannach ó sholáthraithe nach bhfuil ar liosta na dtáirgí ceadaithe, níl sé mar bheartas na Seirbhíse Príosúin gur chóir earraí ardluacha a úsáid in aon cistin nó seomra ranga príosúin.

- 7.15** Mar sin féin, bhí fianaise ann go raibh difríocht sa chineál bia a ceannaíodh i bpríosún amháin. Sa chás sin, áiríodh ar na táirgí a ceannaíodh roinnt earraí sóchais m.sh stéig filléid, spóla easnacha, rí uaineola gan chnámh, prosciutto agus seacláid lónadóireachta daor. Tá Gobharnóir an phríosúin lena mbaineann tar éis tús a chur le himscrúdú anois chun na cúinsí a bhaineann leis an gcaiteachas a chinneadh.
- 7.16** Tá ráite ag an Oifigeach Cuntasaíochta gur €9,302 costas na n-earraí sin a ceannaíodh sa phríosún do 2018 agus 2019 agus gur úsáideadh iad chun tacú le ranganna cócaireachta a sholáthar do phríosúnaigh. Mar sin féin, níorbh fhéidir ó thuairisceáin na gníomhaíochta oiliúna oibre chuig ceanncheathrú na Seirbhíse Príosúin a bheith deifnídeach maidir leis an ngníomhaíocht a bhí ar siúl nó an ndearnadh lónadóireacht le haghaidh imeachtaí oifigiúla agus cuid de na táirgí a liostaíodh á n-úsáid dóibh.
- 7.17** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta freisin go bhfuil rialuithe breise, maidir le horduithe a dhéanamh, curtha i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta ó shin. Sa chás go dteastaíonn táirgí lasmuigh den liosta táirgí ceadaithe le haghaidh na gcistineacha oiliúna oibre agus oideachais, tá siad seo faoi réir a gceadaithe ag an leibhéal áitiúil ag an bPríomhoifigeach Cúnta — Lónadóireacht, an príomhoide agus / nó ag leibhéal na Stiúrthóireachta Cúraim agus Athshlánúcháin.

Rialuithe ar lónadóireacht a oibriú

- 7.18** Aimsíodh sa scrúdú go raibh easpa deighilte dualgas ann maidir le lónadóireacht. I bhformhór na bpríosún, bhí an ball foirne céanna freagrach as orduithe a chur, seachadtaí a sheiceáil, a stóráil agus a sheachadadh chuig áiseanna cócaireachta.
- 7.19** Moladh iniúchta inmheánaigh tar éis scrúduithe i sampla príosún in 2018 agus in 2019 ba ea go gcuirtear oiliúint ar bhaill foirne atá fostaithe ar dhualgaís siopaí ar bhainistíocht siopaí, sláinte agus sábháilteacht agus sna próisis chuntasaíochta d'earraí a fhaightear.
- 7.20** Aimsíodh sa scrúdú seo nach raibh eolas ag roinnt ball foirne príosúin ar nósanna imeachta agus ar bheartais agus maidir le príomhrialuithe oibríochta a chur i bhfeidhm maidir le bia a fhoréileamh, seachadtaí a sheiceáil agus bainistíocht siopaí. Go háirithe, ardaíonn laigí, a breathnaíodh sa chóras chun cainníochtaí a sheachadtar a fhóru, an riosca go ndéanfar ró-íocaíocht ar sholáthraithe mar gheall ar mhainneachtain nótaí creidmheasa dlite a fháil.
- 7.21** Seolann ceanncheathrú Sheirbhís na bPríosún sonraisc sheiceáilte le híoc ag an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (FSSC) a oibríonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tugadh faoi deara le hiniúchadh inmheánach, in 2017, gur chuir an FSSC 206 sonrasc ar ais maidir le seachadtaí chuig príosúin éagsúla mar go raibh na sonraisc íoctha cheana féin.
- 7.22** Déanann an Stiúrthóireacht Airgeadais monatóireacht ar chostais iarbhir i gcoinne an bhuiséid ag leibhéal na Seirbhíse Príosúin i rith na bliana agus ullmhaíonn sí tuarascáil airgeadais deireadh bliana a dhéanann anailís agus comparáid idir catagóirí costas de réir príosúin, lena n-áirítear costais lónadóireachta. Mar sin féin, ní bhfuair an scrúdú aon fhianaise go ndearna an Stiúrthóireacht Cúraim agus Athshlánúcháin ná an Stiúrthóireacht Airgeadais monatóireacht ar chainníocht na gceannachán bia, de réir príosúin, do bheilí príosúin agus cúrsaí oideachais i gcoinne na sonraí sa roghchlár 28 lá agus praghsanna conartha soláthraithe ceadaithe. Ina theannta sin, ní dhearnadh leis an iniúchadh inmheánach aon scrúdú ar na feidhmeanna lónadóireachta in 2018 nó in 2019.

Tráchtanna an Oifigigh Chuntasaíochta - oibriú na rialuithe

- 7.23** Soláthraíonn an Stiúrthóireacht Airgeadais tuarascálacha monatóireachta míosúla go himmheánach do gach sealbhóir buiséid i gceanncheathrú na Seirbhíse Príosúin agus go seachtrach do Choiste Bainistíochta Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
- 7.24** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go ndéanann príomhoifigigh cúnta maoirseacht anois ar ordú bia agus cainníochtaí do chistíneacha an phríosúin.¹ Déanann an t-oifigeach seo monatóireacht ar shonraisc bhia anois maidir le comhlíonadh praghsanna conartha soláthraithe ceadaithe agus liostaí táirgí ceadaithe, i gcás ina bhfuil feidhm acu sin. Déanann foireann na Stiúrthóireachta Airgeadais spot-seiceáil ar phraghsanna conartha soláthraithe sula ndéantar sonraisc a phróiseáil agus déantar monatóireacht ar chainníochtaí anois ag leibhéal an phríosúin.
- 7.25** Cuimsíonn dualgais na bpríomhoifigigh cúnta anois a chinntiú
- go gcoimeádtar gach taifead maidir leis an bhfeidhm lónadóireachta/bácála de réir na gcaighdeán riachtanach, agus go gcuirtear ar fáil iad do gach iniúchadh ar shábháilteacht bhia agus ar oibríocht lónadóireachta/bácála
 - go bhforbraítear an plan gnó bliantúil don limistéar lónadóireachta/bácála chun spriocanna maidir le leibhéil ghníomhaíochta a áireamh i seachadadh oiliúna deimhnithe.
- 7.26** Thug an tOifigeach Cuntasaíochta faoi deara go bhfuil raon nósanna imeachta i scríbhinn ann a dhéileálann le próisis a bhaineann le seachadtaí a fháil agus smacht ar stoc chomh maith le lámhleabhair a chuimsíonn próisis cosúil le sláinteachas, stóráil agus ullmhú bia. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta sonraí ar fáil freisin faoi ghníomhartha pleanáilte chun rialú sa réimse seo a fheabhsú.
- Tá nós imeachta oibríochta caighdeánach cuimsitheach nuashonraithe do bhainistíocht ghinearálta siopaí á thabhairt chun críche faoi láthair ag an Stiúrthóireacht Airgeadais Príosúin d'fhonn é a rolladh amach roimh dheireadh 2020.
 - Cuirfidh rolladh amach leanúnach na foréileamh lárnach chuig príosúin feabhas breise ar rialuithe maidir le hearraí a ordú trí chatalóga táirgí agus údarú córasbhunaithe a úsáid. Cuireadh é seo i bhfeidhm i dtír phríosúin cheana féin agus tá sé le tabhairt chun cinn tuilleadh níos déanaí i 2020.

Coistí bialainne foirne

- 7.27** Amhail an 31 Nollaig 2019, bhí 3,405 ball foirne fostaithe ag an tSeirbhís Phríosúin, agus sanntar 94% díobh (3,198) díobh le dualgais laistigh de na príosúin áit a bhfuil sealobair mar ghnáthchleachtas oibre. Cuirtear seirbhísí lónadóireachta ar fáil don fhoireann trí choistí bialainne deonacha a oibriú (féach ar Fhíor 7.4).
- 7.28** Chuir an tSeirbhís Phríosúin treoir ar fáil do na coistí bialainne, lena n-áirítear comhairle maidir le minicíocht chruinnithe coiste, rothlú comhaltaí agus córas slán cuntasaíochta airgeadais a chothabháil. I measc na riachtanas sonrach ón treoir tá;
- nach mór do chuntais bhainc choiste bialainne a bheith ar leithligh ó chuntais bhainc na bpríosúin agus dhá shíniú ar a laghad a bheith ag teastáil uathu chun sonraisc a foc

¹ Tá réimsí seasta le haghaidh praghsanna bia sna ceapacha ordaithe ar líne nó páipéir a úsáideann baill foirne atá bunaithe i bpríosúin chun earraí bia a ordú atá ar an mbiachlár 28 lá (i gcomhréir le praghsanna conartha comhaontaithe), mar sin ní fhéadfaidh ach na cainníochtaí a ordaithe a bheith éagsúil. Teastaíonn ceadú ag leibhéal iomchuí sula ndéantar earraí a ordú nach bhfuil ar an liosta táirgí ceadaithe.

- nach mór foréilimh ó sholáthraithe a dhéanamh ar leithligh ó fhoréilimh phríosúin
- nár chóir go mbeadh creidmheas ó sholáthraithe ar feadh tréimhse is faide ná mí amháin
- caithfidh praghsanna díolacháin na costais go léir a bhaineann le hoibriú an choiste bialainne a chlúdach - caithfear gan costais a ghearradh ar vóta an phríosúin
- tugtar biachláir chun críche i gcomhar le hoifigigh oibre agus oiliúna.

Fíor 7.4 Foireann ag cur bia ar fáil i bpríosúin

Faoi láthair oibríonn coistí bialainne deonacha a bunaíodh in 2012 in ocht bpríosúin. (Tá an tsaoráid chéanna ag Príosún Mhuinseo agus Ionad Dóchas agus níl aon cheaintíní i gCnoc an Arbhair, Mainistir Shelton nó Teach Locháin). Feidhmíonn na coistí bialainne mar aonáin neamhspleácha ar leithligh ón tSeirbhís Phríosúin (féach ar larscríbhinn 7A).

Is gnách go mbíonn áiteanna foirne i bpríosúin, lena n-áirítear bialanna foirne, lonnaithe i bhfoirgnimh laistigh de choimpléasc na bpríosúin ach scoite ón áit a bhfuil príosúnaigh lonnaithe agus ina n-ullmhaítear béilí príosúin. Cuimsíonn bialanna foirne saoráidí ullmhúcháin agus stórála bia.

Baineann na coistí úsáid as áiseanna cistine príosúin, ar leithligh ó phríomhchistineacha an phríosúin, chun béilí foirne a sholáthar faoi dheis oiliúna oibre do phríosúnaigh. Ar leithligh ó bhia a ordaíonn an tSeirbhís Phríosúin chun béilí príosúnach a sheachadadh, is féidir le coistí bialainne bia a cheannach ó na liostaí soláthraithe ceadaithe ar phraghsanna a comhaontaíodh faoi chonarthaí na Seirbhíse Príosúin.

Tá na coistí bialainne freagrach as a bheith ag íoc as an mbia a úsáidtear in ullmhú béilí foirne agus as praghsanna díola a shocrú chun meá ar mheá a bhaint amach ina bhfeidhmiú. Déantar cineál agus líon na mbéilí a ullmhaítear a chinneadh go háitiúil ag tagairt do riachtanais na foirne.

Foinse: Seirbhís Phríosúin na hÉireann

- 7.29** Ní sholáthraítear cuntais trádála do na coistí bialainne don tSeirbhís Phríosúin agus ní thugtar aon sonraí airgeadais i nótaí don chuntas leithreasa. Ón bhfaisnéis a iarradh ó na coistí bialainne, tá an tSeirbhís Phríosúin tar éis fáiltais bhliantúla 2018 agus 2019 agus iarmhéideanna bainc ag deireadh na bliana a thiomsú do gach coiste bialainne. In 2019, b'ionann iomlán na bhfáltas agus €1.4 milliún agus ag deireadh na bliana, bhí iarmhéideanna bainc dar luach díreach os cionn €98,000 ag coistí bialainne (féach ar larscríbhinn 7B).
- 7.30** Ní comhaontú foirmiúil í an chomhairle rialachais a chuirtear ar fáil do na coistí bialainne ina leagtar amach ról agus freagrachtaí an dá pháirtí faoi seach. Ní leagtar amach ann, mar shampla, conas is féidir leis an tSeirbhís Phríosúin dearbhú a fháil nach bhfuil aon chuid den bhia a úsáidtear chun béilí foirne a sholáthar ina mhuirear ar vóta an phríosúin, go gcoinnítear taifid chuntasaíochta mhaithe nó go socraítear praghsanna ag leibhéal chun costais a aisghabháil. Ní dhéantar trácht ach an oiread ar ábhair mar láimhseáil airgid, árachas agus cánachas.

- 7.31** Tá sé níos tábhachtaí fós go bhfaighidh an tSeirbhís Phríosúin dearbhú maidir le hoibriú na gcoistí bialainne nuair a bhíonn laigí ann maidir le soláthairtí bia a fhoréileamh do phríosúin, i mbainistíocht siopaí bia agus in foc sonraisc soláthraithe.

Tráchtanna an Oifigigh Chuntasaíochta

- 7.32** Tá coistí bialainne freagrach as praghsanna a shocrú, íocaíochtaí a dhéanamh, bainistíocht airgid, rialuithe airgeadais/soláthair, nósanna imeachta agus tuarascálacha agus teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí seachtracha lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim srl.
- 7.33** Chuaigh an tSeirbhís Phríosúin i dteagmháil le gach coiste bialainne chun a n-oibleagáidí rialachais a mheabhrú dóibh go tréimhsiúil agus chun a bhfreagrachtaí as cloí le beartais, nósanna imeachta, rialuithe agus rialacháin ioncaim a threisiú do na coistí.
- 7.34** Ina ainneoin sin, tá an tSeirbhís Phríosúin i mbun athbhreithnithe faoi láthair ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm idir an tSeirbhís Phríosúin agus na coistí bialainne. Cuimseoidh sé soiléiriú ar na freagrachtaí faoi seach (i gcomhpháirt agus ar leithligh) agus na dearbhuithe a theastaíonn ó na coistí chuig ceanncheathrú na Seirbhíse Príosúin as na hoibríochtaí leanúnacha.
- 7.35** Le linn 2019, rinneadh aighneacht chuig na Coimisinéirí Ioncaim maidir le stádas CBL na gcoistí bialainne a shoiléiriú agus ina dhiaidh sin bhí cruinnithe agus scrúdú ar thaifid i bPríosún Mhuinseo, agus soláthraíodh faisnéis leantach. I mí Iúil 2020, chinn na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil gníomhaíochtaí coiste bialainne faoi réir CBL.

Feidhmiú na siopaí príosúin

- 7.36** Tá siopa ag gach príosún a éascaíonn réimse earraí a cheannach lena n-áirítear milseogra, toitíní, deochanna boga agus earraí maisíochta. Tá na nósanna imeachta do na siopaí a shonraíonn an tSeirbhís Phríosúin leagtha amach i bhFíor 7.5.

Fíor 7.5 Nósanna imeachta feidhmiúcháin le haghaidh na siopaí príosúin


Caithear ceannacháin stoic, seachas earraí áirithe lena n-áirítear torthaí agus nuachtáin, a fháil ó sholáthraí ceadaithe ar phraghsanna mórdhíola agus le barrachód le haghaidh scanadh bunaithe ar ghnáthphraghsanna miondíola molta.

Ní mhalartaíonn príosúnaigh airgead tirim le haghaidh ceannachán. Baintear íocaíocht as earraí a ceannaíodh, a thaifeadtar trí scanadh a dhéanamh ar na barrachód, ó iarmhéideanna chuntais na bpríosúnach aonair. Aistrítear na híocaíochtaí go míosúil chuig cuntas bainc an tsiopa, agus íoctar soláthraithe ón gcuntas. Cuireadh deireadh le ceannacháin foirne ó na siopaí, arbh idirbhearta airgid iad, in Aibreán 2019.

Feidhmítear cuntas bainc ar leithligh do gach siopa agus déantar stocáireamh míosúil ar fhardal an tsiopa. Soláthraíonn sé seo an bonn chun an t-ollbhrabús a thuilltear a ríomh.

- 7.37** In 2019, b'ionann an láimhdeachas ar fud na siopaí príosúin agus beagnach €7 milliún. Ba é an t-ollbhrabús a taifeadh ar fud na siopaí go léir in 2019 agus €1,040,000 (2018: €926,000). Is ionann é seo agus corrlach comhlán brabúis 15% ar an meán, suas ó 14% in 2018. Mar sin féin, bhí éagsúlacht mhór sna corrlaigh, ó thart ar 8% i bPríosún Lár na Tíre go 21% i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh (féach ar Fhíor 7.6). Mhéadaigh an corrlach brabúis i roinnt príosúin idir 2018 agus 2019.
- 7.38** Déantar gach siopa príosúin a bhainistiú go neamhspleách. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go gceannaítear thart ar 95% de na hearraí go léir ón soláthraí lárnach agus go gceannaítear an t-iarhmhéid ó sholáthraithe áitiúla. Féadfar an chatagóir deiridh earraí seo a dhíol le príosúnaigh ag corrlach brabúis ísil nó nialais, a rachadh i bhfeidhm ar an ollbhrabús a thuilltear.
- 7.39** Chuir an tSeirbhís Phríosúin in iúl don fhoireann scrúdaithe gur iarradh scrúdú iniúchta inmheánaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na taifid i bPríosún Lár na Tíre, i bhfianaise chéatadán réasúnta íseal an ollbhrabúis a tuairiscíodh.

Fíor 7.6 Corrlach ollbhrabúis do shiopaí príosúin, de réir príosúin, 2019 agus 2018



Foinse: Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Rialuithe ar shiopaí príosúin a oibriú

- 7.40** Mar chuid den scrúdú seo, rinneadh athbhreithniú ar roinnt príomhrialuithe. Áiríodh leis seo rialú stoic, ullmhú agus athbhreithniú cuntas agus réitigh bhainc, brabúsacht siopaí agus rialú ar airgead tirim.

Rialú stoic agus rialú ar cheannacháin

- 7.41** Is príomh-mheicníocht rialaithe é oibriú na gcóras rialaithe stoic d'aon ghníomhaíocht trádála agus gan é tá easnamh faisnéise ann chun difríochtaí i dtuilleamh ollbhrabúis a mhíniú. Ní éilítear le beartais agus nósanna imeachta arna socrú ag an tSeirbhís Phríosúin ar bhainistíocht áitiúil na bpríosún méideanna na n-earraí a ceannaíodh agus a dhíoltar a thaifeadadh, nó liostaí stoic a tháirgeadh le comparáid a dhéanamh le stoc fisiceach idir lámha.
- 7.42** Tá córas nua-aimseartha bunaithe ar TFC i bhfeidhm chun díolacháin a scanadh agus a thaifeadadh. Baineann próisis a dhéantar de láimh le gach feidhm eile ó ordú stoic go sonraisc soláthraithe a íoc agus comhaireamh stoic ag deireadh na míosa. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta cé nach bhfuil aon áis ann cainníochtaí atá ag teacht isteach a thaifeadadh ar bhonn táirge de réir táirge, is féidir gluaiseacht cainníochtaí a rianú bunaithe ar shonraisc cheannaigh, duillíní seachadta, taifid chórais díolphointe agus na comhairimh mhíosúla stoic.
- 7.43** D'admhaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil gá le nuachóiriú a dhéanamh ar na córais rialaithe stoic agus ba cheart go n-áireofaí leo córas TFC barrachódaithe, táirge ar tháirge, a thabhairt isteach. Tá an tSeirbhís Phríosúin ag súil leis go gcuirfear tús leis an bpróiseas tairisceana chun córas nua bainistíochta stoic il-láithreán a fháil roimh dheireadh 2020.
- 7.44** D'aithin athbhreithniú ar earraí a cheannaigh siopaí príosúin mar chuid den scrúdú seo roinnt saincheisteanna.
- Níor ceannaíodh roinnt earraí a díoladh i siopaí na bpríosún ó sholáthraithe ceadaithe, lena n-áirítear seinnteoirí Xbox agus cluichí. Tá ráite ag an Oifigeach Cuntasaíochta gur chomhlíon na seinnteoirí Xbox a soláthraíodh sonraíochtaí arna gcinneadh ag na príosúin lena mbaineann agus go raibh gnáthchumas cumarsáide na seinnteoirí díchumraithe. Aontaítear praghsanna díolacháin na dtáirgí seo go háitiúil.
 - Aimsíodh sa scrúdú, contrártha leis na nósanna imeachta luaite sa tSeirbhís Phríosúin, nár stampáladh dáta sonraisc le haghaidh soláthairtí chuig siopaí príosúin agus ní bhfuarthas aon fhianaise go ndearnadh seiceáil ar dhuillíní seachadta agus liostaí praghsanna roimh íocaíocht. D'aithin spotseiceálacha airgeadais/tuarascálacha iniúchta inmheánaigh roimhe seo saincheisteanna, lena n-áirítear stampáil gan dáta, agus ardaíodh iad le bainistíocht na bpríosún. Dúirt bainistíocht na bpríosún, áfach, go ndéantar seiceáil ar dhuillíní seachadta de réir liostaí praghsanna sula n-eisítear íocaíocht.
 - Fuair an scrúdú roinnt cásanna ina raibh íocaíochtaí ó chuntas bainc an tsiopa as earraí nach raibh baint acu le ceannach stoic. Ina measc seo bhí €14,533 a caitheadh ar urláir agus €2,865 a caitheadh ar thralaithe a fháil i bpríosún Mhuinseo; agus ceannach clár tíl i bpríosún Lár na Tíre. Cuireadh in iúl don fhoireann scrúdaithe go raibh baint dhíreach ag na míreanna go léir a sainaitníodh le seachadadh sheirbhís an tsiopa príosún.
 - Cuireadh in iúl don fhoireann scrúdaithe freisin go raibh íocaíochtaí ó shiopaí na gcuntas díosail agus páirceála i bpríosúin Phort Laoise agus Chorcaí chun baill foirne a aisíoc as costais a tabhaíodh as turais a rinneadh chun stoc a cheannach ó sholáthraithe áitiúla.

- 7.45** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur ceadaíodh dó speansais a bhaineann le hoibriú na siopaí príosúin a íoc ó chuntais bhainc na siopaí. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, áfach, agus chun an chomparáid idir céatadán an ollbhrabúis idir láithreacha a shimpliú, socraíodh le déanaí an rogha, le hearraí neamh-stoic a cheannach ó chuntais bhainc shiopaí an phríosúin, a bhaint.

Cuntais agus réitgh bhainc

- 7.46** D'fhéadfadh moill a bheith ar ullmhú agus ar chur isteach na gcuntas mhíosúil riachtanach do shiopaí na bpríosún chuig ceanncheathrú na Seirbhíse Príosún. Tá sé i gceist leis na cuntais seo luachanna a thaifeadadh maidir le stoc tosaigh, díolacháin, ceannacháin, stoc deiridh agus ollbhrabús tuillte. In 2018 agus in 2019, cuireadh 78% de na cuntais mhíosúla isteach ar an meán laistigh de mhí ón dáta dlite.
- 7.47** Go dtí go n-ullmhaítear na cuntais, níl aon bhunús ann chun ollbhrabús an tsiopa a ríomh. Féadfaidh iarmhairt dhochrach a bheith aige seo ar uainiú an mhaoinithe atá ar fáil do chuid de na cuntais leasa príosúnach (*PAPF*).
- 7.48** Níor cuireadh aon chuntais ioncaim agus chaiteachais mhíosúla faoi bhráid na Stiúrthóireachta Airgeadais ó Bhealtaine 2018 go Nollaig 2018 mar gheall ar shaincheisteanna acmhainní i bpríosún amháin. Críochnaíodh na cuntais mhíosúla do na tréimhsí go léir a bhí in easnamh, agus ó Eanáir 2019 go Nollaig 2019, le cúnamh ón Stiúrthóireacht Airgeadais.
- 7.49** Fuarthas amach sa scrúdú freisin go raibh moill ann réitigh mhíosúla do chuntais bhainc na siopaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid cheanncheathrú na Seirbhíse Príosún. Thugamar faoi deara easnaimh sa phróiseas a leanadh in ullmhú na réiteach bainc, lena n-áirítear roinnt samplaí nár réitíodh an iarmhéid bainc leis na taifid chuntasaíochta. Cuireadh in iúl don fhoireann scrúdaithe gur féidir leis seo tarlú ó am go chéile toisc nach soláthraíonn an teimpléad a úsáidtear mír líne shonrach do thaisceanna atá faoi bhealach ag deireadh na tréimhse. Tá teimpléad nua a réitíonn an tsaincheist seo curtha i bhfeidhm anois agus tá oiliúint curtha ar fáil.
- 7.50** Níor léirigh na taifid chuntasaíochta a cuireadh faoi bhráid na Seirbhíse Príosún fianaise i gcónaí ar athbhreithniú ag gobharnóirí na bpríosún de réir an nós imeachta. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta, le cur i bhfeidhm pleanáilte chórais airgeadais chomhtháite bunaithe ar TFC, nach mbeidh gá le próisis mhíosúla den sórt sin ag leibhéal an phríosúin sa todhchaí. Idir an dá linn, eiseoidh an Stiúrthóireacht Airgeadais meabhrúchán do ghobharnóirí faoin gceanglas gach cuntas a athbhreithniú sula gcuirtear faoi bhráid cheanncheathrú na Seirbhíse Príosún é.
- 7.51** Is féidir le teorainneacha acmhainní a bheith ina saincheist ag leibhéal an phríosúin agus ag an gceanncheathrú agus cuireann nádúr láimhe an phróisis bac ar anailís réamhghníomhach.

Íocaíocht leis an soláthraí

- 7.52** Fuair an scrúdú amach go raibh fiach thart ar €95,000 carntha ag an siopa i bpríosún Cnoc na Seamra le soláthraí ceadaithe a bhí á aisíoc i dtráinsí in 2017 agus 2018. D'aithin an Stiúrthóireacht Airgeadais an tsaincheist seo le linn spotseiceála rialaithe airgeadais ar an láthair in 2016. Fuair an scrúdú sin amach go raibh an fiach carntha thar roinnt blianta, ó 2013 ar a laghad, trí mheascán de bhrabúis a luadh os cionn an fhíorbhrabúis mar gheall ar earráidí cuntasafóchta agus méideanna ba mhó ná an glanbharrachas iarbhir a bheith aistrithe chuig cuntas i an phríosúin. Rinneadh beart ag an am chun an scéal a chur ina cheart lena n-áirítear stop a chur le híocaíochtaí leis an gcuntas *PAPF* go dtí go nglanfaí an fiach. Tá an fiach urscaoilte go hiomlán anois.

Rialú ar airgead tirim

- 7.53** Suas go dtí Aibreán 2019, d'fhéadfadh baill foirne ceannacháin a dhéanamh ó shiopaí na bpríosúin ar bhonn airgid thirim. Fuair an scrúdú amach gur oibrigh cleachtas in dhá shiopa príosúin le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú i gcás nár taisceadh na fáлтаis uile nó cuid díobh ó dhíolacháin airgid den sórt sin chuig baill foirne chuig cuntas bainc an tsiopa. I bpríosún amháin, úsáideadh na hadmhálacha chun earraí stoic a cheannach ó sholáthraithe áitiúla.¹ Sa cheann eile, fágadh an t-airgead tirim a fuarthas faoi choimeád an rialtóra agus úsáideadh é dá rogha féin. Sa dá phríosún, bhí na taifid a coinníodh, chun a thaifeadadh conas a caitheadh an t-airgead, neamhiomlán. D'fhéadfadh go mbeadh rioscaí creimeadh bhrabúis trádála na siopaí mar thoradh ar na cleachtais seo freisin. Ó Aibreán 2019, ní cheadaítear ceannacháin airgid ag baill foirne a thuilleadh.
- 7.54** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil ceannacháin airgid thirim ó sholáthraithe áitiúla íseal i líon agus luach i gcoitinne agus go bhféadfadh siad teacht chun cinn nuair a bhíonn sé deacair ar shiopaí príosúin táirgí áirithe a fhoinsiú do phríosúnaigh.

Cistí chlár cúnaimh na bpríosúnach

- 7.55** Aistrítear brabúis a ghintear i siopaí príosúin chuig cistí chlár cúnaimh na bpríosúnach (*PAPFanna*) atá beartaithe chun tacú le tionscadail chun leasa na bpríosúnach amháin. Tá 11 chiste ann do 12 phríosún — tá ciste amháin ann do choimpléasc Mountjoy.¹ Tá nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha bunaithe ag an tSeirbhís Phríosúin maidir le hoibriú na *PAPFanna* (féach ar Fhíor 7.7).

¹ Úsáidtear soláthraithe áitiúla le haghaidh táirgí áirithe (m.sh. torthaí, táirgí sláinteachais phearsanta, irisí srl.) a cheannaíonn príosúnaigh i siopaí na bpríosúin.

Fíor 7.7 Oibriú cistí chlár cúnaimh na bpríosúnach

Éilítear nósanna imeachta na Seirbhíse Príosúin ar gach rialtóir plean bliantúil a ullmhú ag imlíniú ioncaim agus caiteachais *PAPF* a bhfuil súil leis, le tograí costáilte tionscadail agus cláir, bunaithe ar chuspóirí agus tosaíochtaí gnó. Sula gcuirfidh siad a bpleananna bliantúla i gcrích, éilítear ar ghobharnóirí dul i gcomhairle leis an Stiúrthóireacht Eastáit agus leis an Stiúrthóireacht Cúraim agus Athshlánúcháin chun a sheiceáil go gcomhlánaíonn tionscadail agus cláir atá beartaithe gníomhartha atá pleanáilte ag na stiúrthóireachtaí sin agus nach ndéanann siad dubailt orthu.

I ráithe a haon de gach bliain, iarrann an Stiúrthóireacht Airgeadais i gceanncheathrú na Seirbhíse Príosúin na pleananna bliantúla chun athbhreithnithe breise a chumasú a fhéachann lena chinntiú nach mbeidh aon dubailt ar ghníomhaíochtaí arna maoiniú ag an gcaiteachas vótáilte agus go ndéantar comhairliúcháin mionsonraithe maidir le haon cheannacháin chaipitil nó trealaimh. Má theastaíonn obair leantach maidir le pleananna aonair, téann an Stiúrthóireacht Airgeadais i dteagmháil tuilleadh leis an rialtóir ábhartha. Féadfar treorú go gcuirfear tionscnaimh an Ard-Stiúrthóra m.sh leithdháiltí do charthanas nó do chlár um fhilleadh ar an bpobal, ina gcuid de na pleananna.²

Chuir nósanna imeachta nuashonraithe i Meán Fómhair 2018 deireadh leis an gceanglas ar an Ard-Stiúrthóir na pleananna bliantúla a cheadú ar an mbonn gur measadh go raibh sé neamhriachtanach agus nach raibh aon tionchar ábhartha aige ar riosca.

Éilítear le nósanna imeachta na Seirbhíse Príosúin freisin tuarascálacha caiteachais ráithiúla agus réitigh bhainc a ullmhú do gach ceann de na cuntais *PAPF*. Tá na gobharnóirí príosúin faoi seach le síniú a chur leo agus lena gcur faoi bhráid cheanncheathrú na Seirbhíse Príosúin.

Le nósanna imeachta na Seirbhíse Príosúin a bhí i bhfeidhm suas go Meán Fómhair 2018, leagtar amach roinnt srianta ar an gcaoi a raibh na cistí i gcuntais *PAPF* le húsáid.


- Caithfidh an caiteachas a bheith de réir plean caiteachais bliantúil ceadaithe, agus cloí le beartas soláthair na Seirbhíse Príosúin agus, nuair is infheidhme, le treoirlínte measúnaithe caipitil na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Ní gá cistí a úsáid chun fócaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe seirbhísí do phríosúnaigh nó i leith gníomhaíochtaí nó comhlachais foirne nó aon oibríochtaí eile nach chun leasa na bpríosúnach nó a dteaghlach go díreach iad.
- Seachas in imthosca eisceachtúla, ní fhéadfaidh iarmhéideanna *PAPF* a thugtar anonn ó bhliain go chéile a bheith níos mó ná 10% de na brabúis a aistrítear ó na siopaí príosúin ábhartha. Caithfear iarratais, chun níos mó ná an teorainn 10% a thabhairt ar aghaidh, a chur isteach lena gceadú ag an Stiúrthóir Airgeadais.

Maidir leis na srianta thuas, luaitear sna nósanna imeachta reatha (arna gcur i bhfeidhm le héifeacht ó Mheán Fómhair 2018) nach mór gan an *PAPF* a úsáid chun fócaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe seirbhíse a úsáidtear go rialta (e.g. bearbóirí, teagascóirí giomnáisiam srl.); agus ní shocraítear teorainn leo ar mhéideanna is féidir a thabhairt anonn.

Caiteachas PAPP

- 7.57** Ba é an t-iarhmhéid comhiomlán i gcuntais *PAPP* ar fud na bpríosúin go léir amhail an 31 Nollaig 2019 ná €792,000 - suas ó €629,000 ag deireadh 2018. Ba é an t-ioncam ar gach cuntas *PAPP* le linn 2019 ná €989,000 (2018: €1.03 milliún); ba é an caiteachas in 2019 ná €825,000 (2018: €766,000). I bhformhór na bpríosúin, bhí an caiteachas in 2019 níos lú ná ioncam an chiste (féach ar Fhíor 7.8).


Fíor 7.8 ioncam agus caiteachas PAPP, de réir príosúin, 2019



Foinse: Seirbhís Phríosúin na hÉireann

- 7.58** Cuireadh na méideanna a coinníodh i gcuntais bhainc *PAPP* i gcomparáid le brabúis siopaí príosúin don bhliain chun líon na míonna de bhrabús a choinnítear sa chuntas bainc ag deireadh na bliana a ríomh (féach ar Fhíor 7.9). I dtí príosúin, sháraigh na cistí a coinníodh i gcuntas bainc *PAPP* ag deireadh 2019 brabús bliana iomláine i siopa na bpríosúin. I gcás phríosúin an Chaisleáin Riabhaigh, is ionann na cistí a choinnítear i gcuntas *PAPP* agus níos mó ná dhá uair go leith de bhrabús siopa an phríosúin don bhliain.
- 7.59** Tá ráite ag an Oifigeach Cuntasaíochta go léiríonn na hiarmhéideanna ar chuntais *PAPP* críonnacht airgeadais agus maolaíonn siad an riosca d'fhadhbanna maidir le sreabhadh airgid a d'fhéadfadh tarlú dá sáródh íocaíochtaí fáltais go leanúnach.
- 7.60** Déantar cuid mhaith den chaiteachas ó na cistí a chatagóiriú mar chaiteachas chun críocha 'filleadh ar an bpobal'. Tabhaítear caiteachas suntasach freisin chun leasa príosúnach aonair nó ina leith, lena n-áirítear costais sochraide a íoc, agus ceannacháin thar ceann príosúnach áirithe ó shiopa an phríosúin (lena n-áirítear táirgí tobac). Athraíonn patrún an chaiteachais ó phríosúin go príosúin.

Fíor 7.9 gciste *PAPF* ag deireadh 2019 i gcomparáid le brabús siopa príosúin 2019



Foinse: Anailís le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar shonraí ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Rialuithe ar chaiteachas *PAPF*

7.61 Rinneadh athbhreithniú ar rialuithe ar chuntais *PAPF* mar chuid den scrúdú seo. Tugadh na saincheistean seo a leanas faoi deara.

- Bhí moilleanna suntasacha ann maidir le hullmhú agus cur isteach pleananna bliantúla ó ghobharnóirí príosúin chuig an Stiúrthóireacht Airgeadais. Ní bhfuarthas pleananna bliantúla ach do sheacht gcinn de na 11 chiste do 2018; fuarthas deich bplean do 2019.
- Maidir le 2019, níor cuireadh isteach ach 64% de na tuairisceáin ráithiúla riachtanacha *PAPF* laistigh de mhí ón dáta dlite. Mar sin féin, léirigh sé seo feabhas ar fhigiúr inchomparáide 2018 de 45%.
- Cé gur shínigh gobharnóirí gach cuntas ráithiúil *PAPF* do 2019, is beag fianaise a bhí ann go ndearnadh athbhreithniú foirmiúil ar na cuntais agus/nó ar cheistiú faoi thorthaí gan choinne nó neamhghnácha. Ní dhéanann na tuarascálacha a ullmhaítear comparáid idir torthaí ioncaim agus caiteachais agus buiséid agus pleananna. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil an próiseas iomlán *PAPF* faoi smacht ghobharnóir an phríosúin atá údaraithe seiceanna a shíniú ó chuntas bainc *PAPF* an phríosúin agus athbhreithniú a dhéanamh ar ioncam, caiteachas agus réitigh bainc. Níl aon phróiseas foirmiúil buiséadaithe ann agus braitheann an t-ioncam go príomha ar leibhéal na n-ollbhrabús ar dhíolacháin siopaí.
- Suas go dtí 2019, ní fhéadfadh na cistí a thabharfar ar aghaidh ó bhliain go chéile a bheith níos mó ná 10% de na brabúis a aistríodh ó shiopaí príosúin. Níor comhlíonadh an teorainn seo do 2017 nó 2018.
- Bhí easnamh in ioncam *PAPF* don bhliain i bPríosún Lár na Tíre, rud a léirigh an corrlach brabúis ísil sa siopa agus cur isteach déanach na gcuntas chun aistriú ó chuntas an tsiopa a éascú chun an *PAPF* a mhaoiniú. Mar thoradh air sin, laghdaigh iarmhéid *PAPF* i bPríosún Lár na Tíre ó €40,000 ag deireadh 2018 go díreach €9,000 ag deireadh 2019.

- Thar roinnt míonna in 2018, d'athraigh dhá phríosún cistí *PAPF* go hairgead tirim i méideanna dar luach €22,000 agus €1,000 faoi seach. Coinníodh an t-airgead i ngach príosún i mbosca airgid na ngobharnóirí, mar a tugadh air, agus úsáideadh é mar a d'ordaigh na gobharnóirí faoi seach. Sa dá phríosún, ní raibh coimeád na dtaifead mionsonraithe go leor chun a thaispeáint gur úsáideadh an t-airgead i ngach cás chun críocha a bhí oiriúnach don *PAPF*. Chuir an tSeirbhís Phríosúin in iúl don fhoireann scrúdaithe gur tháinig deireadh le cleachtas gobharnóirí a bheith ag coinneáil cistí i mboscaí airgid in 2018.
- Fuair scrúdú ar íocaíochtaí ó na *PAPF*anna in 2018 agus 2019 nach raibh cuid den chaiteachas de réir nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha na Seirbhíse Príosúin don chuntas sin. Áiríodh leis seo roinnt íocaíochtaí chun leasa na foirne agus íocaíochtaí a bhain le hoibriú an phríosúin. I bhformhór na gcásanna, thug an tOifigeach Cuntasaíochta faoi deara go ndearnadh na híocaíochtaí trí dhearmad ón *PAPF* nó gur íocadh iad ó *PAPF* bunaithe ar léirmhíniú mícheart ar úsáid an *PAPF*. Tá samplaí de thorthaí an scrúdaithe, mar aon le breathnuithe gaolmhara ón Oifigeach Cuntasaíochta le fáil in larscríbhinn 7C.
- D'aithin an scrúdú freisin íocaíochtaí ó *PAPF* dar luach €44,500 le soláthraí seirbhíse gan deimhniú imréitigh cánach a fháil ar dtús nó smaoineamh ar cháin iarchoimeádta a chur i bhfeidhm. Thug an tSeirbhís Phríosúin faoi deara go bhfuarthas ranníocaíocht de €12,000 i leith chostas na seirbhíse seo ó eagraíocht sheachtrach agus gur taisceadh í chuig cuntas bainc *PAPF*, ag laghdú an ghlanchoistais don tSeirbhís Phríosúin go €32,500.

7.62 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh fadhbanna acmhainní ann ag leibhéal an phríosúin agus go raibh dúshlán ann maidir le hearcú gráid oifigeach feidhmiúcháin agus cléireachais. Aithníodh oiliúint agus tacaíocht d'fhoireann riaracháin mar shaincheist tar éis cleachtadh athbhreithnithe ar phróisis ghnó le déanaí agus tá foireann sannta anois mar acmhainn lárnach chun tacú le foireann riaracháin agus saineolas agus oiliúint a sholáthar i roinnt réimsí lena n-áirítear tuairiscíú airgeadais.

7.63 Mar fhreagra ar thorthaí an scrúdaithe, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh timpeall 1,600 idirbheart dar luach €1.65 milliún san iomlán ó chuntais *PAPF* le linn na tréimhse dhá bhliain atá i gceist. D'admhaigh sí gur tharla roinnt earráidí códaithe, mí-aimithe agus míthuiscintí. Dúirt sí go mb'fhéidir gur ghearr príosúin áirithe roinnt méideanna ar chóir a bheith ina gcaiteachas vótála ar na *PAPF*anna trí dhearmad. Ina theannta sin, b'fhéidir gur muirearaíodh roinnt caiteachais a bhain le baill foirne go mícheart ar na *PAPF*anna seachas ar chiste forbartha foirne ar leithligh (*SDF*). Cruthaíodh an *SDF* i 2006 agus bhí sé á bhainistiú ag an Stiúrthóireacht Airgeadais i gceanncheathrú na Seirbhíse Príosúin. Aistríodh an t-airgead sa *SDF* ó na *PAPF*anna ar an mbonn gur léirigh siad brabúis a thuilltear ó dhíolacháin siopaí príosúin leis an bhfoireann. D'fhéadfadh gobharnóirí iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú a fháil ón *SDF* chun tacú le tionscnaimh a bhaineann le baill foirne. Scoir an *SDF* de bheith ag feidhmiú in 2019 tar éis scor de dhíolacháin siopaí príosúin leis an bhfoireann.

Conclúidí agus moltaí

- 7.64** Cuid ríthábhachtach d'oibriú chóras príosúin na hÉireann is ea béilí leordhóthanacha agus oiriúnacha a sholáthar do phríosúnaigh, agus is muirear mór é ar an vóta don tSeirbhís Phríosúin. I gcomhthreo leis an bhfeidhm seo, tá córas casta gníomhaíochta agus idirbhearta eacnamaíocha eile ann, ar leithligh ó na córais chaighdeánacha maidir le maoiniú agus cuntasáocht vótaí. Go ginearálta, tá na córais atá i bhfeidhm, chun an ghníomhaíocht seo go léir a rialú, is monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh orthu, lag agus is gá iad a fheabhsú go suntasach.

Seirbhísí lónadóireachta

- 7.65** Gach bliain, caitheann an tSeirbhís Phríosúin os cionn €8 milliún ar bhia agus ar tháirgí gaolmhara. In 2019, bhí éagsúlacht mhór sa chostas laethúil a bhaineann le béilí príosúnach a sholáthar idir príosúin, ó €7.27 i bPríosún Phort Laoise go €4.54 i bPríosún Pháirc na Cruithneachta — athraitheas de 60%.
- 7.66** Ní shocraítear buiséid lónadóireachta ná sprioc-chostais nó costais ionchais lónadóireachta do phríosúin aonair. Ina áit sin, déantar monatóireacht ar chaiteachas ar lónadóireacht ar leibhéal vóta na Seirbhíse Príosúin.
- 7.67** Murab ionann agus beartas na Seirbhíse Príosúin, ceannaíodh roinnt earraí bia ardluacha agus gearradh iad ar bhuiséad an oideachais.

Moladh 7.1

Ba cheart monatóireacht a dhéanamh ar chainníochtaí an bhia a cheannaítear agus ar na costais lónadóireachta a thabhaíonn príosúin aonair agus imscrúdú agus costáil a dhéanamh ar athraitheas.

Ba chóir an bia ar fad a cheannaítear chun críocha oideachais nó oiliúna a ordú ó sholáthraithe ceadaithe, ar phraghsanna conartha agus ba cheart go léireodh sé an aidhm oideachasúil bunscileanna cócaireachta agus luachanna cothaithe a theagasc do phríosúnaigh. Ba cheart aon eisceacht a réamhcheadú, ar leibhéal iomchuí.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear.

Scrúdófar meicníochtaí maidir leis an mbealach is fearr chun buiséid lónadóireachta a thabhairt isteach agus tuairisciú de réir príosúin agus cuirfear réiteach iomchuí i bhfeidhm chun na cúiseanna go léir a d'fhéadfadh a bheith ag baint le costais bhia príosúin a chur san áireamh lena n-áirítear an rud nach féidir a thuar maidir leis an líon a thagann isteach agus a fhágann príosúin, tosca seachtracha a mbíonn tionchar acu ar mhéaduithe praghaí bhia agus an próiseas rialaithe maidir le húsáid cainníochta. Rinneadh athbhreithniú agus feabhsú ar nósanna imeachta chun déileáil le heisceachtaí a bhaineann le himeachtaí corparáideacha agus aidhmeanna oideachasúla na hoiliúna scileanna cócaireachta.

Tabharfar isteach tuairiscí mionsonraithe ar úsáid bhia le comparáidí leis an mbiachlár 28 lá roimh dheireadh 2020. Tabharfar isteach buiséid lónadóireachta de réir príosúin i gcomhthráth leis an mbliain airgeadais 2021 tar éis na meastacháin do 2021 a thabhairt chun críche.

Coistí bialainne foirne

- 7.68** Comhordaíonn coistí bialainne deonacha a bunaíodh in 2012 i ngach ceann de na príosúin ábhartha oibriú saoráidí ceaintín d'fhoireann na bpríosúin. Feidhmíonn coistí bialainne mar aonáin neamhspleácha ar leithligh.
- 7.69** Ní chumhdaítear socrú choiste bialainne na foirne le comhaontú i scríbhinn idir na páirtithe. Cé gur chuir an tSeirbhís Phríosúin roinnt teorach rialachais ar fáil do na coistí bialainne a chuimsíonn réimsí cosúil le cuntais a choinneáil, praghsanna béile a shocrú chun costais ionchuir bia a aisghabháil agus sonraisc soláthraithe a íoc go tráthúil, ní idirghníomhaíonn an tSeirbhís leis na coistí bialainne ná ní bhfaigheann dearbhuithe i scríbhinn go bhfuil a treoir á leanúint.
- 7.70** Níl próisis ag an tSeirbhís Phríosúin atá leordhóthanach lena chinntiú nach ndéantar fóirdheonú neamhbheartaithe ar chostais bia do na coistí foirne.
- 7.71** Tá sé thar am athbhreithniú bainistíochta a dhéanamh ar éifeachtacht oibríochtúil na gcoistí bialainne maidir le deiseanna oiliúna oibre a sholáthar do phríosúnaigh agus meicníocht a choinneáil chun béilí a sholáthar don fhoireann.

Moladh 7.2

Ba chóir athbhreithniú bainistíochta a dhéanamh ar éifeachtacht oibríochtúil deiseanna oiliúna oibre a sholáthar do phríosúnaigh i mbialanna foirne. Ba cheart go mbreithneodh an t-athbhreithniú freisin a mhéid a chomhlíontar an treoir rialachais a cuireadh ar fáil do na coistí bialainne deonacha, agus más gá í a neartú.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear.

Tá athbhreithniú rialachais ar siúl anois ar na coistí bialainne deonacha.

Siopaí príosúin a oibriú

- 7.72** Ceanglaítear ar shiopaí na bpríosúin oibriú ar bhonn 'chun brabúis'. Ar fud na bpríosúin go léir, bhí díolacháin siopaí in 2019 beagnach €7 milliún agus gnóthaíodh ollbhrabúis de bheagán os cionn €1 milliún.
- 7.73** Bhí éagsúlacht mhór sna corrlaigh ollbhrabúis a thuill na siopaí in 2019, ó 21% i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh go 8% i bPríosún Lár na Tíre. Ní éascaíonn na córais chuntasaíochta agus taifeadta stoic atá in úsáid anailís ar fheidhmíocht oibriúcháin. Fágfaidh faisnéis níos fearr go mbeifear in ann corrlaigh ollbhrabúis a áireamh ag féachaint don mheascán táirgí a dhíoltar, agus i gcomparáid leis an ollbhrabús a thuilltear.

Moladh 7.3

Ní mór stoc siopaí príosúin agus córais chuntasaíochta a nuashonrú agus a fheabhsú agus a úsáid mar bhunús chun a fhíorú an bhfuil na hollbhrabúis a thuilltear mar a bhíodhas ag súil leis agus aird á tabhairt ar an meascán earraí a dhíoltar.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear.

Aithnítear gur gá na córais a nuashonrú agus a nuachóiriú agus tá an próiseas seo ar siúl cheana féin. Táthar ag súil leis go n-eiseofar tairiscint roimh dheireadh 2020 chun an réiteach is cost-éifeachtaí agus is éifeachtaí a fháil ar chóras bainistíochta stoic il-láithreán do shiopaí milseán i bpríosúin, a chomhtháthú le lárchóras bainistíochta airgeadais freisin chomh maith le córas bainistíochta reatha chistí na bpríosúnach ag an bpointe díolacháin .

Ciste chlár cúnaimh na bpríosúnach

- 7.74** Tá sé i gceist na barrachais a ghintear ó dhíolacháin siopaí príosúin a úsáid ar bhealaí éagsúla chun leasa príosúnach aonair nó do ghrúpaí príosúnach.
- 7.75** Suas go dtí Meán Fómhair 2018, éilíodh le nósanna imeachta na Seirbhíse Príosúin go n-úsáidfí cistí seachas iad a charnadh agus rinne siad na suimeanna a thabharfaí anonn ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile a theorannú go dtí 10% de na fáiltais bhliantúla. Ó shin i leith, níl feidhm ag an teorannú. In 2019, d'fhill siopaí príosúin ollbhrabús díreach os cionn €1 milliún. Ag deireadh 2019, b'ionann na hiarmhéideanna a coinníodh i gcuntais *PAPF* agus €792,000, arb ionann iad agus naoi mí de bhrabúis siopaí. I dtrí phríosún, b'ionann an méid a coinníodh i gcuntais *PAPF* agus níos mó ná bliain de bhrabús shiopa na bpríosún.
- 7.76** Fuair an scrúdú seo roinnt samplaí nuair nach raibh caiteachas de réir nósanna imeachta na Seirbhíse Príosúin don *PAPF*. Áiríodh leis seo íocaíochtaí chun leasa na foirne agus íocaíochtaí a bhain le hoibriú an phríosúin. I bhformhór na gcásanna, thug an tOifigeach Cuntasaíochta faoi deara go ndearnadh na híocaíochtaí trí dhearmad ón *PAPF* nó gur íocadh iad ó *PAPF* bunaithe ar léirmhíniú mícheart ar úsáid an *PAPF*.

Moladh 7.4

Ba cheart an beartas agus na nósanna imeachta maidir le riar an *PAPF* a mheabhru do bhainisteoirí príosúin don. Ina theannta sin, toisc go ndéantar íocaíochtaí go háitiúil, ba cheart oiliúint a sholáthar do bhainisteoirí áitiúla príosúin maidir le treoirilínte soláthair phoiblí agus riachtanais chánachais.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Comhaontaítear.

Ina theannta sin, faoi réir maoinithe, tá sé beartaithe an *PAPF* a bhaint agus an ceanglas maidir leis an gcineál seo caiteachais a bhainistiú trí chistí vótáilte, i dteannta leis an bpróiseas meastachán do 2021.

Iarscríbhinn 7A Socruithe chun saoráidí ceaintín foirne a sholáthar i bpríosúin

Priomhghnéithe	Cur síos
Múnla oibríochta	Tá cead ag coistí bialainne oibriú in áitribh an phríosúin. Is iad ionadaithe foirne agus gobharnóir an phríosúin (nó a (h) ionadaí) ballraíocht na gcoistí.
Suíomh agus rialachas	Feidhmíonn coistí bialainne go neamhspleách, ach tá nóta cleachtais rialachais curtha ar fáil ag an tSeirbhís Phríosúin a chuimsíonn freagrachtaí na gcoistí agus socruithe maidir le foréileamh, baincéireacht agus cuntasáíocht.
Socruithe riaracháin	Feidhmíonn coistí bialainne go neamhspleách ar an tSeirbhís Phríosúin.
Íocaíocht as soláthairtí, fónais, áitribh, trealamh, árachas agus costais oibriúcháin eile	Soláthraíonn an tSeirbhís Phríosúin an t-áitreabh, maoirseacht ag oifigigh oibre agus oiliúna agus oiliúnaithe príosúnach, mar aon le bheith ag freastal ar na forchostais chun na saoráidí a reáchtáil. Foréilíonn agus íocann coistí bialainne as soláthairtí bia.
Comhlíonadh rialacha soláthair phoiblí	Tá coistí bialainne neamhspleách ar an tSeirbhís Phríosúin agus mar thoradh air sin, níl siad faoi réir rialacha soláthair phoiblí.
Praghas díola a chinneadh	Is iad na coistí bialainne a chinneann praghsanna do bhéilí, srl. agus socraítear iad chun costas an bhia a cheannaítear a chlúdach.
Rialú ar chistí barrachais	Cistí atá á rialú go hiomlán ag na coistí bialainne.
Socruithe cuntasáíochta	Bíonn na coistí bialainne freagrach as seo.
Monatóireacht ag bainistíocht na Seirbhíse Príosúin	Dada
Maoirseacht trí iniúchadh inmheánach agus ag coiste iniúchta	Dada
Aitheantas d'idirbhearta airgeadais i gcuntas leithreasa na Seirbhíse Príosúin.	Ní aithnítear idirbhearta airgeadais ná iarmhéideanna do choistí bialainne.

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Iarscríbhinn 7B Fáltais bhliantúla agus iarmhéideanna bainc ag deireadh na bliana do Choistí Bialainne Deonacha

Coiste	2018		2019	
	Fáltais €	Iarmhéid bainc €	Fáltais €	Iarmhéid bainc €
Muinseo	287,310	24,574	294,425	21,609
Cnoc na Seamra	102,505	8,439	125,199	2,483
Páirc na Cruithneachta	271,059	29,517	285,978	51,994
Lár na Tíre	286,000	4,550	318,597	5,670
Port Laoise	123,061	4,372	125,980	2,198
Corcaigh	90,822	9,648	89,786	5,177
Luimneach	78,507	5,716	81,181	4,231
An Caisleán Riabhach	85,601	4,678	83,245	4,874
Iomlán	1,324,865	91,494	1,404,391	98,236

Foinse: Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Fíor 7C Scrúdú ar chaiteachas *PAPF* in 2018 agus 2019

Torthaí	Barúlacha an Oifigigh Chuntasaíochta
Eisíocaíochtaí chun leasa na foirne i bpríosún amháin le linn 2018, a chuimsigh ▪ €4,300 in íocaíochtaí leis an gcoiste bialainne deonach do bhéilí foirne a mbaintear leas astu le linn sealanna fada mar gheall ar Stoirm Emma. ▪ Caitheadh €3,537 i dtithe tábhairne agus bialanna i gcomharsanacht an phríosúin le haghaidh imeachtaí foirne éagsúla. ▪ €2,460 in íocaíochtaí as searmanas bonn foirne. ▪ Cuireadh €2,060 le turas foirne go Cóbanhávan. ▪ €915 in íocaíochtaí leis an gcoiste bialainne deonach do bhéilí foirne le linn sonraí cuardaigh.	Rinneadh cinneadh go lárnach an coiste bialainne deonach a chúiteamh as costas na mbéilí a cuireadh ar fáil saor in aisce le linn Stoirm Emma. Aisíocadh an €4,300 go mícheart leis an gcoiste bialainne ón <i>PAPF</i> seachas ón vóta. Téann na hidirbhearta de €3,537 san iomlán siar go dtí an tréimhse nuair a ceadáíodh díolacháin airgid le baill foirne ó shiopa an phríosúin. Tá beartas nua le forbairt maidir le híocaíochtaí a bhaineann le baill foirne. Bhain an €2,460 le costas dámhachtainí le haghaidh seirbhís fada d'oifigigh príosúin. Gearradh an íocaíocht trí dhearmad ar an <i>PAPF</i> in ionad an chiste forbartha foirne. Bhain an caiteachas €2,060 le turas staidéir ghrúpa ceadaithe go Príosún Vestre i gCóbanhávan. Turas cómhálartach a bhí ann tar éis cuairt a thug toscaireacht ón Danmhairg ar Éirinn roimh ré agus cuireadh ar aghaidh chuig an <i>PAPF</i> é seachas chuig an gciste forbartha foirne. Tugadh lón éadrom don fhoireann chuardaigh, a thaistil ó áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Thug an gobharnóir údarás trí dhearmad an méid a aisíoc leis an gcoiste bialainne deonach ón <i>PAPF</i>.
Íocaíochtaí de €7,440 san iomlán as síntiús Sky TV do bhalann foirne thar thréimhse 24 mí.	Léiríu mícheart a bhí anseo ar úsáid an <i>PAPF</i>, toisc go bhféachann príosúnaigh ar Sky TV ar shosanna ó bheith ag obair sna cistineacha bialainne. Cuireadh deireadh leis an gcleachtas anois.
Íocaíochtaí de chineál caipitil m.sh. ceannach cairpéad agus troscán (€5,247) agus trealamh giomnásiam (€3,864).	Bhain na híocaíochtaí seo le hearraí a ceannaíodh chun leasa príosúnach agus mar sin tá siad ceart don <i>PAPF</i>.
Íocadh €3,800 as frúiliú craenach.	Rinneadh an íocaíocht seo trí dhearmad ón gcuntas bainc mícheart. Ba cheart é a bheith déanta as cuntas bainc óinchiste an phríosúin agus é a aisíoc as an vóta ina dhiaidh sin.

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

